# Treoir Staidéir

Irish Film Institute




the arts council
an chomhairle ealaíon
cistiú ealaíon na scannán

# Clár

## Fáilte is fiche chuig Treoir Staidéir ISÉ ar *An Cailín Ciúin*!

Leis an rath atá ar *An Cailín Ciúin* ó eisíodh é i 2022, tá deis iontach ag scoláirí taitneamh a bhaint as fadscannán mar chuid dá n-aistear foghlama sa Ghaeilge. Is í Bernardine Nic Giolla Phádraig a chum an Treoir Staidéir seo atá á cur ar fáil ag Institiúid Scannán na hÉireann le tacaíocht ó COGG agus ó Chomhairle Ealaíon na hÉireann. Acmhainn atá i gceist le gabháil le taispeáint an scannáin sa phictiúrlann agus ar líne, le tacaíocht ó Breakout Pictures. Tá an Treoir Staidéir ar fáil saor in aisce ach í a íoslódáil ó **www.ifi.ie/learn** agus tá naisc éisteachta ag gabháil léi freisin.

Tá súil againn go mbaineann tú sult as an Treoir Staidéir. Má tá aon cheisteanna agat, seol r-phost, le do thoil, chuig **schools@irishfilm.ie**.

**An Treoir Staidéir a úsáid**
Tá eolas agus treoir ar fáil thíos a chabhróidh go mór leat in úsáid an leabhráin seo.

- **Réimse leathan gníomhaíochtaí ag leibhéil éagsúla cumais**
  Roghnóidh na múinteoirí na gníomhaíochtaí ar leith a fheileann do réimse spéise agus cumas Gaeilge a gcuid scoláirí féin.

- **Íocóin chun an phríomhscil teanga atá i gceist i dtasc (nó treoir eile) a chur in iúl:**

  Éisteacht | Labhairt
  Idirghníomhú cainte /Obair ghrúpa | Léamh
  Scríobh | Féachaint
  Nasc | Obair bheirte

Tá naisc sa Treoir Staidéir chuig blaisíní agus chuig píosaí ceoil/píosaí as agallaimh.

- **Feasacht Teanga**
  Gné cabhrach rialta ná an bosca **Feasacht Teanga** ag tabhairt treorach don scoláire ar ghnéithe den teanga i gcomhthéacs an téama atá faoi chaibidil.

**Clár**


| | |
|---|---|
| Ó Leabhar go Scannán | **lch 3** |
| Scannáin Ghaeilge faoi Bhláth | **lch 4** |
| Tascanna Réamhfhéachana | **lch 5** |
| Achoimre ar scéal *An Cailín Ciúin* | **lch 6** |
| Tuairim Léirmheastóra | **lch 7** |
| Cáit | **lgh 8-9** |
| Seán Ó Cinnsealaigh | **lgh 10-11** |
| An tAisteoir, Carrie Crowley | **lch 12** |
| Éibhlín Bn Uí Chinnsealaigh | **lch 13** |
| Saol Feirme agus Pobal na hÁite | **lgh 14-15** |
| Teaghlach | **lgh 16-17** |
| Téama: Ciúnas agus Rúin | **lgh 18-19** |
| Gaeltacht na nDéise | **lch 20** |
| Na Scannánóirí | **lgh 21-22** |
| Ceol an Scannáin | **lch 23** |
| Staidéar Scannán | **lgh 24-26** |
| Féidearthachtaí Traschuraclaim | **lch 27** |
| Dánta | **lgh 28-29** |
| An Bunscéal: *Foster* | **lch 30** |
| Gluais | **lch 31** |
| Freagraí | **lch 32** |
| Buíochas | **lch 33** |


***Tabhair faoi deara*: Gluais agus Freagraí**
Tá míniú ar roinnt téarmaí scannánaíochta (a bhfuil réiltín leo sa téacs) ar fáil sa Ghluais ar **lch 31** agus tugtar freagraí ar **lch 32** ar chuid de na tascanna.

# Ó Leabhar go Scannán



> “Is é an sprioc is mó atá againn ná caighdeán scannán i nGaeilge a ardú sa dóigh is go seasann siad le haon cheann eile ar fud na hEorpa ach go háirithe,”

Deirbhile Ní Churraighín, Eagarthóir Coimisiún agus Ceannachán le TG4 & scéim CINE4

Tosaíonn scéal *An Cailín Ciúin* le nóibhille de chuid an scríbhneora Éireannaigh, Claire Keegan. Tógann sé cúpla bliain scannán a léiriú ón gcéad uair a smaoiníonn an stiúrthóir* ar an scéal go dtí go bhfeicimid an scannán sa phictiúrlann.

**1. An féidir libh na céimeanna i scéal léiriúchán an scannáin a chur san ord ceart?**

- Uimhrigí na boscaí 1-13.

☐ Roghnaítear *An Cailín Ciúin* do mhaoiniú faoi scéim CINE 4 .

☐ Faigheann dáileoirí* BREAKOUT PICTURES agus CURZON na cearta don scannán in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Déanann siad é a phoibliú agus a eisiúint sna pictiúrlanna sa dá thír i mí Bealtaine 2022.

☐ Cuireann INSCÉAL an bunsmaoineamh faoi bhráid TG4.

☐ Ainmnítear é ar ghearrliosta do Ghradam Oscar 2023 agus ar thrí liosta fhada de chuid BAFTA.

☐ Baineann an scannán gradaim* ag féilte scannáin ar fud an domhain.

☐ Samhlaíonn Colm an scéal mar scannán agus cuireann sé an smaoineamh faoi bhráid an léiritheora*, Cleona Ní Chrualaoi (a bhean chéile)




☐ De réir a chéile, cuirtear criú* agus foireann aisteoirí* le chéile.



☐ Seoltar an scannán ag Féile Scannán Idirnáisiúnta Bheirlín, Feabhra 2022.

☐ Léann an scannánóir*, Colm Bairéad, an nóibhille* *Foster* agus taitníonn sí go mór leis.




reprinted courtesy Faber and Faber

☐ Tuilleann *An Cailín Ciúin* os cionn €1m in Oifig na dTicéad in Éirinn & sa Ríocht Aontaithe.

**€1,000,000**

☐ Faigheann INSCÉAL (a gcomhlacht léiriúcháin*) cead ón údar an scéal a úsáid chun scannán a dhéanamh.

☐ Déantar eagarthóireacht* ar an scannán.



☐ Léirítear an scannán le linn dianghlasála, i bhFómhar 2020.

**2. Cuir na freagraí atá agat i gcomparáid le freagraí an duine atá in aice leat.**

- Seiceáil an raibh an ceart agaibh ar **Lch 32: FREAGRAÍ**

**3. An gcuireann an scéal taobh thiar den scannán iontas ort ar aon bhealach?**

- Mínigh.

**Téarmaí scannánaíochta:** Chun brí na bhfocal le réiltín (*) a fháil, téigh chuig **Lch. 31**

“Nach iontach an rud é go bhfuil an Ghaeilge le clos i ndorchadas álainn na pictiúrlainne?”

Colm Bairéad, Stiúrthóir *An Cailín Ciúin*

# Scannáin Ghaeilge Faoi Bhláth

**1. Gearrscannáin Ghaeilge**

Bunaíodh TG4 i mí Dheireadh Fómhair 1996. D'éirigh le TG4 léiritheoirí* agus stiúrthóirí* a spreagadh chun gearrscannáin a dhéanamh do lucht féachana an chainéil nua. Bhí Colm Bairéad, stiúrthóir *An Cailín Ciúin*, agus Cleona Ní Chrualaoi, an léiritheoir, i measc na ndaoine a rinne gearrscannáin do TG4.

- Cad iad na gearrscannáin a ndearna sibh staidéar orthu do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí? Ar thaitin siad libh? Pléigí. An bhfuil gearrscannáin Ghaeilge eile feicthe agaibh? Insígí dá chéile fúthu.










**2. Tionscal na scannán Gaeilge faoi bhláth**

Mar a chonaic tú ar **lch 3** **Ó Leabhar go Scannán**, is é *An Cailín Ciúin* an scannán Gaeilge is mó a thuill airgead ag Oifig na dTicéad in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór riamh. Le cúpla bliain anuas, tá ag éirí thar barr le scannáin Ghaeilge eile freisin. Féach ar na póstaeir in aice leis seo.

- Roghnaigh ceann de na póstaeir a bhaineann le scannán nach bhfuil feicthe agat.
- Déan cur síos ar a bhfuil sa phóstaer. An mbeadh spéis agat an scannán sin a fheiceáil? Cén fáth?
- Déan taighde ar do rogha scannáin agus faigh amach faoi conas a d'éirigh leis an scannán sin go dtí seo.










**3. CINE 4: Forbairt tionscal na scannán Gaeilge**

Labhraíonn Deirbhile Ní Churraighín, Eagarthóir Coimisiún agus Ceannachán le TG4, faoin spreagadh leanúnach a thugann TG4, Fís Éireann (FÉ) agus Údarás Craolacháin na hÉireann (ÚCÉ) do scannánóirí óga nua trí scéimeanna ar nós CINE 4. Is féidir éisteacht léi **anseo**.

- Cén tacaíocht atá ar fáil do scannánóirí óga/nua chun a scileanna a fhorbairt?
- An mbeadh spéis agat scannán Gaeilge a dhéanamh do TG4 amach anseo? An bhfuil smaoineamh agat do scéal? Cé hiad na haisteoirí le Gaeilge ba mhaith leat a bheith ann?
- De réir roinnt daoine, sa lá atá inniu ann, tá an lucht féachana – in Éirinn agus thar lear – níos compordaí le fotheidil ar scannáin ná mar a bhíodh. Cad é do bharúil féin faoi?

## Sula bhfeiceann an pobal an scannán sa phictiúrlann, baineann an dáileoir* leas as ábhar margaíochta agus poiblíochta de chineálacha éagsúla chun aird an phobail a dhíriú ar an scannán.

# Tascanna Réamhfhéachana*




### 1. An Póstaer

Féach ar an bpóstaer don scannán *An Cailín Ciúin* agus freagair na ceisteanna thíos.

Bain leas as an eolas sa bhosca **Feasacht Teanga** chun tacú leat do thuairimí a chur in iúl.

- Déan cur síos ar an gcuma atá ar an gcailín sa phóstaer. Meas tú cén aois atá aici?
- Cén cineál áite ina bhfuil an scannán suite? Cén fáth a ndeir tú é sin?
- An meallann teideal an scannáin thú chun féachaint ar an scannán? Conas?
- Cad é an scéal a shamhlaíonn tú atá ag baint leis an gcailín óg seo?

### 2. Blaisíní

Is iad BREAKOUT PICTURES dáileoirí an scannáin agus chuir siad blaisíní ar fáil chun lucht féachana a mhealladh chuig an scannán.
Féach blaisíní A agus B ag na naisc thíos agus freagair na ceisteanna:

**A** **B**

- Cé acu blaisín den phéire acu is fearr leat? Cén fáth?
- Cad í an cheist is mó atá i do chloigeann anois roimh duit breathnú ar an scannán?
- Cé na gnéithe den bhlaisín a roghnaigh tú a chuaigh i bhfeidhm ort?

**Mar shampla**

- sracfhéachaint ar na príomhcharachtair
- léiriú gairid ar chaidreamh idir carachtair
- noda faoi shuíomh agus faoi thréimhse ina bhfuil an scannán suite
- ceol agus atmaisféar
- ceisteanna a eascraíonn as an mblaisín duit.

BREAK OUT PICTURES

### Feasacht Teanga

**(a) Tuairim a chur in iúl:**

Measaim go/nach....
Sílim go/nach...
Is dóigh liom go/nach...
Samhlaím go/nach...

**(b) Tionchar eispéiris a chur in iúl:**

Chuaigh sé i bhfeidhm go mór orm
Chuir sé brón / gliondar orm
Mhúscail sé fiosracht / spéis ionam
Chuir sé mé ag smaoineamh ar...

- Cad a thugann tú faoi deara nuair a usáideann tú briathar cosúil le *Measaim*, *Sílim* nó frása leis an gcopail *Is* cosúil le *Is dóigh liom*?

# Achoimre ar scéal *An Cailín Ciúin*



**1. Tá scéal an scannáin *An Cailín Ciúin* suite in dhá bhaile éagsúla: (a) teach teaghlaigh an phríomhcharachtair, Cáit, agus (b) teach eile ina bhfanann Cáit don samhradh le gaolta a máthar.**

- Líon na bearnaí le focal/nath ón mbosca a ghabhann le halt (a) agus le halt (b) thíos agus freagair na ceisteanna.
- Cuir an baile altrama i gcomparáid le baile teaghlaigh Cháit. Féach **Feasacht Teanga** thíos.



**(a) An saol sa bhaile**

Tús __________ atá ann nuair a bhuailimid le Cáit, cailín naoi mbliana d'aois. Tá sí ina cónaí ar __________ lena muintir agus is léir nach réitíonn sí go rómhaith lena triúr deirfiúracha. Tá deartháirín óg aici freisin. Is aonarán í Cáit agus lá amháin téann sí __________ ón scoil. Bailíonn a hathair í agus ar an mbealach __________ faigheann Cáit amach go bhfuil a hathair mór le bean eile. Tá a máthair ag iompar clainne __________. Cuirtear Cáit chun fanacht i gcontae Phort Láirge le hEibhlín Uí Chinnsealaigh, __________ lena máthair, go dtí go mbeirtear an leanbh nua.

**ar iarraidh; fheirm; an tsamhraidh; arís; col ceathrair; abhaile**

- Cé mhéad páiste atá i dteaghlach Cháit?
- Conas atá a fhios againn nach bhfuil saol sona aici sa bhaile?



**(b) An baile altrama**

Cuireann Eibhlín __________ chroíúil roimh Cháit agus tugann sí togha na haire di. Níl Seán, fear céile Éibhlín, róchairdiúil ar dtús. De réir a chéile, áfach, fásann dlúthchaidreamh idir Cáit agus a __________ altrama. Spreagann Seán Cáit chun a bua reathaíochta a fhorbairt. Tar éis roinnt ama, áfach, baintear siar as Cáit nuair a scaoileann __________ rún léi. Ba le mac Eibhlín agus Sheáin na héadaí atá á gcaitheamh aici le mí. Fuair an páiste óg bás i __________ feirme. Nuair atá an téarma scoile nua ag druidim léi, ní mór do Cháit filleadh abhaile chuig a __________ féin. Fágann sí __________ brónach grámhar lena cúramóirí cneasta.

**comharsa; slán; muintir; fáilte; dtimpiste; hathair**

- Cén bua/tallann a fhorbraíonn Cáit nár thuig sí roimhe seo a bheith aici?
- Cén fáth a bhfilleann Cáit ar a teaghlach féin?

**2. Ag fanacht le teaghlach eile**

Tá teach na gCinnsealach, baile altrama Cháit, suite i nGaeltacht Phort Láirge.

- Ar fhág tú do mhuintir chun fanacht le teaghlach sa Ghaeltacht ar chúrsa samhraidh riamh? Cá raibh tú?
- Déan cur síos ar an gcaidreamh a bhí agat le bean/fear/muintir an tí. Cabhróidh an bosca **Feasacht Teanga** leat.

**Nasc:** Féach **Téama an teaghlaigh**, **Lgh 16-17** agus **Gaeltacht na Rinne**, Co. Phort Láirge, **Lch 20**

**Feasacht Teanga**

**Cairdeas agus caidreamh**

Nathanna as ailt (a) agus (b) a chuireann cairdeas/caidreamh in iúl:

| Nath |
| --- |
| Réitigh/Níor réitigh (mé) go maith le... |
| Chuir siad fáilte chroíúil romham |
| Ní rabhamar róchairdiúil ar dtús |
| Bhíomar/ní rabhamar mór le chéile |
| D'fhás dlúthchaidreamh eadrainn |

# Tuairim Léirmheastóra

**1. Léirmheas as Tuairisc.ie**

▶ Sa sliocht thíos ón léirmheastóir, Pat Butler, cuireann sé a thuairimí ar *An Cailín Ciúin* in iúl.

Feirm dhuairc, ainnis, áit éigin i lár tíre. Teaghlach mífheidhmiúil. Bia gann. Teip ar gach caidreamh. Fear agus bean a’ tí araon díchumhachtaithe. Ise torrach leis an gcúigiú leanbh. Spreasán gan mhaith atá san athair/fear céile. É á bhá i linn dhomhain a chuid feirge do-ráite féin.

Iníon naoi mbliana d’aois í Cáit. Cailín faiteach, ciúin, í tite ar gcúl ina cuid scolaíochta. Is pantalóigín bheag í agus í briste brúite cheana féin. Níl éinne sa teaghlach baile in ann cothú coirp ná anama a sholáthar di. Mura bhfuil míniú níos dorcha ná sin fós air, nach feasach dúinn, bíonn tolg leapan na girsí fliuch báite ar dhúiseacht di chuile mhaidin.

Ansin cuirtear Cáit chun na Déise ar feadh an tsamhraidh chuig teach sómhar feirme chol ceathrar na máthar. Diaidh ar ndiaidh, nochtar dúinn beainín bheag álainn nach bhfuil neart ag aon duine den lucht féachana air ach titim i ngrá léi.

Tá dorchachtaí eile i bhfolach fiú i dteaghlach dhea-riartha na gCinseallach sómhar. Bhuel, b’fhéidir rúin, seachas dorchachtaí...


Tuairisc

Nuacht Tuairimíocht Spórt Cultúr Saol Pobal Foghlaimeoirí Folúntais

Míorúilt bheag de scannán é ‘An Cailín Ciúin’

Sí Catherine Clinch an t-aisteoir óg Éireannach is foirfe a chonac ó las Saoirse Ronan an cineama suas in Atonement

Ag seoladh an scannáin ‘An Cailín Ciúin’ i mBÁC aréir bhí, ó chlé, an t-aisteoir Michael Patric, Clíona Ní Chrualaoi, an tAire Catherine Martin, an stiúrthóir Colm Bairéad agus na haisteoirí Carrie Crowley, Catherine Clinch agus Andrew Bennet. Pictiúr: Seán Ó Mainnín/Tuairisc.ie

Pat Butler
Déardaoin, Feabhra 24 2022 ag 6:00 am

**Aidiachtaí ag cur síos ar charachtair agus ar shuíomhanna**

Meaitseáil gach aidiacht a bhfuil dath glas uirthi sa sliocht thuas lena brí i gColún A. Tá sampla déanta duit thíos.

| | Colún A<br>Brí na haideachta sa léirmheas | Colún B<br>An aidiacht as an léirmheas |
|---|---|---|
| **Sampla** | **ag iompar clainne** | torrach |
| 1 | in ord agus in eagar | |
| 2 | gan dóchas | |
| 3 | eaglach | |
| 4 | eol | |
| 5 | fliuch go craiceann | |
| 6 | compordach | |
| 7 | gruama, bocht | |
| 8 | in easnamh | |
| 9 | nach bhfuil ag feidhmiú go rómhaith | |
| 10 | gan aon chumhacht | |

An dtaitníonn an sliocht seo as an léirmheas leat? Cén fáth a dtaitníonn /nach dtaitníonn? Is féidir an t-alt ar fad a léamh **anseo**

Féach **Carachtar Cháit**, lgh 8-9; **Téama an Teaghlaigh**, lgh 16-17

**Feasacht Teanga**

**Ag cur síos ar dhaoine/ ar shuíomhanna**

I do loga foghlama, déan liosta de na haidiachtaí nua a d’fhoghlaim tú ón léirmheas.

“Í briste brúite cheana féin... an créatúirín bocht,”

Pat Butler, léarmheastóir le *Tuairisc.ie*

# Cáit: Ag athrú is ag forbairt



**1. Cáit ag tús an scannáin**

Déan machnamh ar na ceisteanna seo a leanas:

(i) I gcás gach péire aidiachtaí thíos, cuir ciocal thart ar an aidiacht ar chlé nó ar dheis is fearr, dar leat, a chuireann síos ar Cháit ag tús an scannáin:

| | | |
|---|---|---|
| cainteach | ⟷ | ciúin |
| sona | ⟷ | míshona |
| airdeallach | ⟷ | neamhairdeallach |
| múinte | ⟷ | mímhúinte |
| muiníneach | ⟷ | faiteach |
| tostach | ⟷ | glórach |
| neamhspleách | ⟷ | uaigneach |
| cliste | ⟷ | bomanta |

(ii) Tá abairt shamplach ag cur síos ar Cháit thíos:
*Cailín ciúin is ea Cáit; ní duine cainteach í.*

Bain úsáid as an struchtúr céanna chun cur síos ar Cháit mar a fheiceann na carachtair seo a leanas í:

- athair Cháit
- Seán
- Éibhlín
- an chomharsa cheisteach

(iii) Déan cur síos ort féin nuair a bhí tú 9 nó 10 mbliana d’aois. An raibh tú cosúil (nó difriúil) ó Cháit ar aon bhealach? Seo thíos abairt shamplach:

*Nuair a bhí mé féin 9 mbliana d’aois bhí mé sách cosúil le Cáit. Bhí mé i bhfad níos ciúine ná aon duine eile sa rang.*

▶ Tá tuilleadh cabhrach ar fáil sa bhosca **Feasacht Teanga** ar **lch 9**.

**2. Ag druidim le deireadh an tsamhraidh**

- Pléigí an fás agus an fhorbairt a thagann ar Cháit tar éis di seal a chaitheamh leis na Cinnsealaigh. Cabhróidh na péirí aidiachtaí i ngníomhaíocht 1 (lch 8) libh sa phlé seo.
- Cén fáth a bhfuil na hathruithe seo tagtha uirthi, dar libh?



**3. Scéal 'teacht in aois' is ea an scannán seo.**

Tugtar scéal 'teacht in aois' ar scannán ina bhforbraíonn príomhcharachtair óga tuiscint orthu féin agus ar a gcumas chun deileáil leis na dúshláin ina saol.

- Ainmnigh scannán 'teacht in aois' eile atá ar eolas agat.
- Cén cúlra a bhí ag an bpríomhcharachtar?
- Cé na hathruithe a tháinig ar an bpríomhcharachtar faoi/ag deireadh an scéil?

## Feasacht Teanga

**1. Aidiachtaí:**

Cuardaigh aon aidiacht nach dtuigeann tú san fhoclóir clóite nó i www.teanglann.ie

**2. Céim chomparáide na haidiachta**

| Aidiacht | Céim chomparáide |
| --- | --- |
| ciúin | níos ciúine |
| faiteach | níos faití |
| sona | níos sona |

- Cé na patrúin a thugann tú faoi deara?
- Scríobh amach na haidiachtaí eile ó Cheist 1 ag leanúint na bpatrún thuas.
- Tabhair faoi deara na nathanna comparáideacha:
  - *Bhí mé i bhfad níos (ciúine) ná í*
  - *Ní raibh mé chomh (ciúin) léi*
  - *Bhí mé sách cosúil léi.*

“B’aoibhinn liom é ón tús agus rud eile a thaitin liom ná an t-aistear mín mall trína ngabhann sé,”

Andrew Bennett ag labhairt faoin gcarachtar Séan Ó Cinnsealaigh

# Seán Ó Cinnsealaigh: Athair Altrama



**1. An caidreamh idir Seán agus Cáit**

- Is athair altrama é Seán anois a bhfuil iníon óg altrama ina shaol aige. Déan cur síos ar an seat seo de Sheán agus Cáit le chéile. Cad a chuireann sé in iúl faoin gcaidreamh atá eatarthu?
- Cad é an radharc is fearr leat leis an mbeirt charachtar seo? Mínigh.

**2. “Aistear mín mall” Sheáin: A ról sa phlota**

- I mbeirteanna, ceanglaígí tús abairte lena críoch chun cuntas a thabhairt ar ról Sheáin i bhforbairt mhuinín Cháit.

| Tús abairte | Críoch abairte |
|---|---|
| Nuair a bhuailimid le Seán Ó Cinnsealaigh ar dtús | tagann athrú air. |
| Istoíche, féachann sé | chun a bua reathaíochta a fhorbairt. |
| Ní thugann sé aon aird | tar éis laethanta saoire an tsamhraidh. |
| De réir a chéile, áfach, | feictear dúinn nach duine róchairdiúil é. |
| Ligeann sé do Cháit cabhrú leis | ar Cháit. |
| Spreagann sé í | gur ghá dó slán a fhágáil léi. |
| Ceannaíonn sé | chun cró na mbó a ghlanadh amach. |
| Bíonn sé féin agus Cáit ag caint is | éadaí nua di. |
| Tiomáineann sé Cáit abhaile | ar an teilifís sa seomra suite leis féin. |
| Briseann sé a chroí | ag comhrá go sona sásta lena chéile. |

**3. 'Aistear mín mall' Sheáin mar athair altrama**

- Cén fáth, dar leat, a raibh Seán **tostach** agus **míchairdiúil** nuair a tháinig Cáit chun an tí ar dtús?
- Cé na haidiachtaí eile a bheadh go maith chun cur síos ar Sheán? Pléigí, ag cuimhneamh ar cad a déarfadh Éibhlín faoi Sheán agus cad a déarfadh Cáit faoi níos gaire do dheireadh an scannáin?

**4. Dialann Sheáin**

- Samhlaigh gur tusa Seán. Scríobh cuntas i do dhialann
  (a) faoin oíche a tháinig Cáit chun fanacht
  (b) faoin lá a d'fhill Cáit ar a muintir ag deireadh an tsamhraidh.

- Inis cad iad na mothúcháin a bhí ag coipeadh ionat agus na smaointe a bhí ag rith leat i d'intinn?

DIALANN

Port Láirge, 1 Iúil 1981

DIALANN

16 Lúnasa 1981

Thiomáin mé Cáit ar ais

chuig a muintir inniu...

**Téama an Teaghlaigh**, Lgh 16-17

**Feasacht Teanga**

Tá an cuntas ar ról Sheáin i saol Cháit san aimsir láithreach.

- Inis an scéal san aimsir chaite.
- Cuimhnigh gur 'Níor', seachas 'Ní', a úsáidtear san aimsir chaite go hiondúil.

# An tAisteoir, Carrie Crowley



**1. Agallamh le Carrie**

Seo thíos cuid d'agallamh le Carrie Crowley a rinneadh tamall i ndiaidh don scannán *An Cailín Ciúin* teacht amach.

- Léigh an mhír seo as an agallamh ar mhaithe le suim agus taitneamh!
- Is féidir éisteacht le píosaí as an agallamh ar shuíomh an IFI ag na naisc a ghabhann le gach ceist.
- Cad a fhoghlaimímíd (a) faoin aisteoir féin agus (b) faoi ról Éibhlín, ón méid a deir Carrie?



© Grianghraf le caoinchead Finn Richards

**ISÉ: Cad faoin bpáirt a bhí chomh mealltach sin duitse? (Éist anseo)**
**Carrie:** An grá a bhí inti ach an (t-)uaigneas i gcaoi éigin eile a bhí inti, *just* chuile rud fuithi d'aithin mé í agus i gcaoi éigin bhí sí cosúil le mná a bhí aithne agam (orthu) agus mé ag fás aníos, *you know*, cairde mo mháthar nó gaolta dár gcuid. Bhí sí chomh heagraithe agus cineálta agus deas agus múinte agus chuile rud glan néata. Ní raibh sí cosúil liom féin in aon chaoi mar tá mise *fierce* mí-eagraithe i mo shaol, i mo theach agus sa chaoi ina leanaim ar aghaidh sa saol. Amannta faigheann tú *scripts* agus aithníonn tú gur duine atá ann mar chuid díot féin ach an bhean seo bhí rud éigin eile fuithi. Níor mhothaigh mé mar an gcéanna riamh faoi aon pháirt, caithfidh mé a rá.

**ISÉ: Nuair a bhí sibh i mbun an scannán a dhéanamh agus ag ullmhú don pháirt, an raibh aon chuid den pháirt a bhí dúshlánach? (Éist anseo)**
**Carrie:** *No*. Chomh luath is a thosaigh mé léi chaith mé fáinní pósta mo mháthar féin, mo mháthair nach maireann, agus ar chaoi éigin m'athair... bhí siad liom agus mhothaigh mé iad, *you know*, an t-am ar fad.

**ISÉ: (Ba) de ghlúin sin Éibhlín agus Sheáin iad? (Éist anseo)**
**Carrie:** Sórt an ghlúin sin mar tharla an scannán sna hochtóidí, *yeah*, déarfainn go rabhadar ar an aois chéanna sna hochtóidí is a bhí Seán agus Éibhlín.

**ISÉ: Do rogha radhairc as (an scannán) nó an bhfuil a leithéid ann? (Éist anseo)**
**Carrie:** *Yeah*, is aoibhinn liomsa an radharc sa chistin le Dan agus an *rhubarb*. *Just* mar gheall go bhfuil muid uilig le chéile ann agus feiceann tú an difríocht ó thaobh pearsantachta de idir gach duine atá ann. *So* le Andrew a ghlacann páirt Shéain, *like* eisean a dhéananns an iarracht an rud a chur i gceart agus eisean a théann síos chun an bhiabhóg a phiocadh suas. *Like*, níl mise ag dul síos chun é a dhéanamh agus níl Dan chun é a dhéanamh. Tá na deacrachtaí le feiscint eadrainn agus an chaoi nach bhfuil aon mheas agamsa air. Agus Cáit bhocht *just* ina suí ann ag breathnú thart ar céard atá ag titim amach. Agus ansin an mála imithe leis an mboc sin, a mála... och!

# Eibhlín Bn Uí Chinnsealaigh



**1. Carachtar Éibhlín**

- An aontaíonn tú le Carrie faoi thréithe Éibhlín? Mínigh.

Cabhróidh an blaisín ag an nasc **anseo** leat agus na gabhálacha scáileáin as an mblaisín thall. Tá radhairc iontu a dhíríonn ar charachtar Éibhlín.







Seans go gcabhróidh na haidiachtaí ar **lch 8** leat chomh maith.

- Cad a insíonn na seatanna teanna linn fuithi mar chúramóir? Cad a fheiceann tú ar a haghaidh?
- Déan cur síos ar do rogha seat di as an mblaisín. Cad a thaitníonn leat faoi?

**2. Teannas sa chistin**

San agallamh ar an leathanach thall, léigh ceist (4)ISÉ agus an freagra a thugann Carrie (nó éist leis an mír ón agallamh **anseo**) agus freagair na ceisteanna thíos.



**(a)** Cén radharc sa scannán is fearr le Carrie, dar léi? Más féidir, féach ar an radharc arís.

- Tá go leor teannais sa radharc seo. Cé na cúiseanna atá leis an teannas, dar leat?
- Cén fáth nach mbogann Éibhlín chun an bhiabhóg a phiocadh suas, meas tú?
- Cad a léiríonn sé faoi Sheán gurb eisean a réitíonn an teannas ar an spota?

**(b)** Smaoinigh ar radharc eile as an scannán ina bhfuil teannas/fadhb idir carachtair. Déan cur síos ar an radharc do do chomhscoláirí. Inis conas a réitítear an teannas nó conas a sháraítear an fhadhb.


**(c)** Cén radharc is fearr leatsa as na radhairc a bhfuil Carrie Crowley ag glacadh páirt iontu? Cén fáth?

**3. “Ní raibh uait ach beagáinín peataireachta,” arsa Éibhlín le Cáit.**

**(a)** Cad atá i gceist ag Éibhlín sa mhéid a deir sí thuas, meas tú? Cén pheataireacht a dhéanann sí ar Cháit? Mínigh.

**(b)** Móitíf* atá sa scannán ná folt gruaige Cháit á scuabadh ag Éibhlín atá ag comhaireamh ó náid go dtí céad. Féach ar an mblaisín gairid **seo**

**(c)** Cad a léiríonn an radharc seo faoi charachtar Éibhlín agus an caidreamh a thógann sí le Cáit? An bhfuil gaol/cara agat a bhfuil caidreamh an-dearfach eadraibh agus dea-thionchar acu ar do shaol? Mínigh.




Nó ceap scéal faoi dhuine óg a bhfuil ról dearfach ag duine fásta ina s(h)aol.

# Saol feirme agus pobal na háite



## 1. Saol feirme

**(a)** Fásann Cáit aníos ar fheirm a muintire. Caitheann sí an samhradh ar fheirm na gCinnsealach agus tugann sí cabhair dóibh.

- Meaitseáil gach ceann de na pictiúir le ceann de na curaimí feirme as an liosta
  *Tabhair faoi deara:* Níl pictiúr ag gabháil le gach cúram feirme.
- Cuir tic leis na cúraimí a raibh Cáit páirteach iontu sa scannán



| Cúram feirme | Cúraimí a raibh Cáit páirteach iontu |
|---|---|
| ag crú na mbó | ☐ |
| an féar a bhaint | ☐ |
| torthaí agus glasraí a fhás | ☐ |
| beithígh a choimeád | ☐ |
| uisce a tharraingt ón tobar | ☐ |
| sciodar a chruinniú san umar | ☐ |
| sicíní a bheathú | ☐ |
| cró na mbó a ghlanadh amach | ☐ |

1


2


3


4


**(b)** An dtaitníonn na radhairc feirme sa scannán leat? Cad a ritheann leat fúthu?

**(c)** An bhfuil tú i do chónaí ar fheirm nó an feirmeoirí iad gaolta/cairde leat? Cad a thaitníonn leat/leo faoin saol feirme? NÓ Ar mhaith leat seal a chaitheamh ar fheirm? Cén fáth ar mhaith/nár mhaith?

## 2. Timpistí feirme

**(a)** Tá comhairle foilsithe ag an Údarás um Shláinte agus Sábhailteachta do pháistí faoi conas timpistí feirme a sheachaint. Tá an leagan Gaeilge ar fáil ag an nasc **seo**

- Tógadh gach duine sa ghrúpa leathanach amháin den chomhairle le léamh.
- Ó bhéal, míníodh gach duine an méid a d'fhoghlaim siad óna leathanach féin.
- Le chéile, ullmhaígí cur i láthair scríofa/ó bhéal chun an chomhairle a chur in oiriúint do na ranganna sóisearacha san iarbhunscoil.




**(b)** Cad iad na timpistí feirme a tharlaíonn nó a ndéantar tagairt dóibh sa scannán *An Cailín Ciúin*?



### 3. Comharsana na gCinnsealach

- Cuir tic sa bhosca cuí le cur in iúl an bhfuil an ráiteas **fíor** nó **bréagach** nó **nach bhfuil a fhios agat**. Más féidir leat, cuir fáth le do thuairim i ngach cás.

| Ráiteas | Fíor | Bréagach | Níl a fhios agam | Fáth leis an tuairim |
|---|---|---|---|---|
| Is feirmeoirí iad an chuid is mó de mhuintir na háite. | ☐ | ☐ | ☐ | |
| Tá aithne ag gach duine ar a chéile. | ☐ | ☐ | ☐ | |
| Ní dream cairdiúil iad na comharsana. | ☐ | ☐ | ☐ | |
| Tacaíonn an pobal áitiúil lena chéile in am an ghátair. | ☐ | ☐ | ☐ | |
| Mar chuid dá saol sóisialta buaileann grúpa comharsana le chéile chun cártaí a imirt. | ☐ | ☐ | ☐ | |

- Bain leas as na ráitis chearta atá agat anois (agus ráitis eile nach iad) chun cuntas a scríobh ar chomharsana na gCinnsealach/nó cuntas ó bhéal a chur i láthair.

### 4. Mo cheantar féin agus muintir na háite

- As na tréithe pobail thíos, cad iad na cinn is tábhachtaí, dar libh? Cén fáth a ndeir sibh sin? An bhfuil tréithe eile a chuirfeadh sibh leo?
  - *Cneastacht, tacaíocht, cairdeas, rannpháirtíocht, spraoi agus sport, tuiscint*
- Cén saghas pobail atá in bhur gceantar féin, dar libh?
- Bíodh díospóireacht scríofa/ó bhéal agaibh. Rún: *Is fearr i bhfad an saol faoin tuath ná saol na cathrach.*

**Feasacht Teanga**

**Stór focal agus frásaí**

**Briathra san aimsir chaite:**
*thug siad cabhair do; cheannaigh siad; chuir siad fáilte roimh;*

**Ainmfhocail:**
*lao; crannchur; díon; breith; sochraid; tórramh; cártaí*

**Nathanna leis an ainm briathartha:**
*ag fiafraí de; ag iarraidh fáil amach; ag scaoileadh rúin; ag magadh faoi; ag maslú*

# Teaghlach amháin is teaghlach eile

**1. *'Níl aon tinteán mar do thinteán féin'***

Is seanfhocal é seo atá an-choitianta sa Ghaeilge, ag tagairt do tábhacht ár dteaghlaigh agus an grá atá ag daoine dá mbaile féin.

- An bhfuil an seanfhocal seo fíor i gcás Cháit sa scannán *An Cailín Ciúin*? Pléigí.



**2. Teaghlach Cháit**

**(a)** Cum abairtí ag baint úsáide as na nathanna thíos chun cur síos ar theaghlach Cháit ag tús an scannáin. Tá cabhair ar fáil sa bhosca **Feasacht Teanga**.

I. cúigear páistí: ____________________

II. iníonacha: ____________________

III. ag iompar clainne: ____________________

IV. teaghlach mór: ____________________

V. duine de mhuintir a máthar: ____________________


**(b)** Cuimhníonn daoine difriúla ar rudaí difriúla; sin buntáiste a bhaineann le hobair ghrúpa. Ó bhéal, roinnigí na habairtí a scríobh sibh lena chéile agus pléigí.

**(c)** "Bíonn idir ghleo is chiúnas i dtigh mhuintir Cháit." Pléigí.

B'fhiú súil siar a thabhairt ar **lch 7** chun teacht ar stór focal/nathanna chun cur síos ar an teaghlach.

**3. Rólimirt**

Nuair a fhilleann Cáit abhaile chuig a muintir ag deireadh an tsamhraidh, tugann a máthair faoi deara go bhfuil Cáit athraithe. Fiafraíonn sí di: 'Cad a tharla in aon chor?" I mbeirteanna cumaigí an comhrá atá acu an oíche sin.



Kate Nic Chonaonaigh a ghlacann páirt mháthair Cháit

**Feasacht Teanga**

**(a)** Sa Ghaeilge, úsáidtear trí fhocal chun cur síos ar *family* an Bhéarla:
*Clann, teaghlach, muintir*
- *clann* = na páistí a bheirtear duit
- *teaghlach* = na daoine a chónaíonn leat sa teach céanna
- *muintir / daoine muinteartha* = tuismitheoirí, páistí agus na gaolta i gcoitinne

**(b)** Úsáidtear *muintir* freisin chun cur síos ar dhaoine i gceantar áirithe nó as tír ar leith:
- *muintir na háite, muintir Phort Láirge, muintir na hÉireann*

# "Go bhfóire Dia orainn, dá mba liomsa thú ní fhágfainn tú le stróinséirí,"

Éibhlín Uí Chinnsealaigh ag cogarnaíl le Cáit, ag ceapadh go bhfuil sí ina codladh.

**4. An teaghlach altrama**

Téann Cáit chun fanacht le tuismitheoirí altrama, gaolta lena máthair.

- Cén chúis a bhí ann chun Cáit a chur ag fanacht seal le lánúin altrama?
- Ullmhaíonn Eibhlín agus Cáit béile le chéile cúpla uair agus suíonn an teaghlach altrama chun boird le chéile nó in éineacht le cairde go minic. Cén teachtaireacht atá ag baint leis na radhairc sin, dar leat? Pléigh le do chomhscoláirí.



**5. Altramas in Éirinn anallód**

In Éirinn anallód, bhí altramas ina ghnáthnós sa tsochaí Ghaelach. Chuir tuismitheoirí a bpáistí (idir bhuachaillí agus chailíní) ar altramas chuig duine dá muintir, nó chuig teaghlach eile a raibh meas acu orthu. I scéalta miotaseolaíochta na Gaeilge, chaith go leor de na laochra móra seal ar altramas agus iad óg, leithéidí Chú Chulainn, mar shampla. Laoch eile a tógadh le tuismitheoirí altrama ná Fionn Mac Cumhaill.

D'fhoghlaim an páiste altrama ('dalta') eolas agus scileanna ón athair altrama ('oide') agus ón máthair altrama ('buime'). Chothaigh an nós seo gaol láidir idir an páiste agus an teaghlach altrama a mhair ar feadh a saoil.

- Cé na buntáistí agus míbhuntáistí a bhain leis an nós altramais seo, dar libh?
- An bhfuil aon mhacalla san alt thuas ar eispéireas Cháit? Mínigh.
- Smaoinigh ar uair a bhí tú as baile gan do thuismitheoirí/churamóirí/theaghlach (sa Ghaeltacht/leis na gasóga nó banóglaigh/le haintín nó uncail nó le teaghlach cara/eile). Déan cur síos ar an eispéireas agus ar na mothúcháin éagsúla a bhain leis.

**6. Caidreamh Sheáin agus Eibhlín**

Nuair a thagann Cáit chun cónaí leis na Cinnsealaigh ar dtús, ní thuigeann sí go raibh cailliúint mhór acu ina saol.

- An gcabhraíonn Cáit lena tuismitheoirí altrama ar bhealach ar bith i ngan fhios di? Do mheas?



**Feasacht Teanga**

**Ag cur síos ar chaidreamh agus gaol**

- athair altrama, máthair altrama, cúramóir
- réitíonn sí/ní réitíonn sí go maith leo
- éiríonn sí mór le
- fásann dlúthchairdeas idir

> “Deir sí an méid gur gá di a rá. Is iomaí duine nár thapaigh an deis a bhéal a choimeád dúnta agus a chaill mórán dá bharr,”

Seán, athair altrama Cháit

# Téama: Ciúnas agus Rúin

Tá gaol nach beag idir ciúnas agus rúin! Cabhróidh an bosca **Feasacht Teanga** **(lch 19)** libh na téamaí seo a phlé.



**1. Cáit: Ciúin agus ciallmhar**

- Mar a chuirtear in iúl i dteideal an scannáin, is cailín ciúin í Cáit. Cén fáth a bhfuil sí ciúin inti féin, dar leat?
- Cad a léiríonn an ráiteas atá ar bharr an leathanaigh faoin gcaidreamh atá ag Seán le Cáit?
- Nuair nach mbíonn duine ag caint is minic a bhíonn siad ag éisteacht go géar nó ag tabhairt rudaí eile faoi deara. An bhfuil sé seo fíor faoi Cháit? Léirigh le samplaí.

**2. Seanfhocail a bhaineann le ciúnas!**

Tá go leor seanfhocal sa Ghaeilge a mholann an duine atá ciúin agus a cháineann an duine atá cainteach gan chiall:

| |
|---|
| Is binn béal ina thost |
| Is í an mhuc is ciúine a itheann an mhin |
| Is minic a bhris béal duine a shrón |

- Pléigí na seanfhocail thuas agus an chiall atá leo, dar libh.
- Cén seanfhocal is fearr leat/libh?
- An bhfuil aon seanfhocal thuas a thugann léargas daoibh ar charachtar Cháit? Mínigh.
- Cén seanfhocal thuas is mó a chuireann síos ar an gcineál duine tusa maidir le bheith ciúin agus/nó rún a choimeád? Inis a thuilleadh dúinn!

# "Níl aon rún sa teach seo. An teach a bhfuil rún ann, tá náire sa teach sin,"

Éibhlín, máthair altrama Cháit


**3. Ciúnas agus rúin sa scannán**

**(a)** Tá go leor rún sa scannán *An Cailín Ciúin* a cheileann daoine ar dhaoine eile.

- Cén fáth a mbíonn rúin ag duine agus idir daoine, meas tú?

**(b)** Féach ar na carachtair thíos. Tá rún nó dhó ag gach duine acu. An bhfuil tú in ann an rún/na rúin atá ina n-intinn a líonadh isteach amhail is gur tusa an carachtar?

*Tabhair faoi deara:* Tá aghaidh bhán gan ainm ann freisin má smaoiníonn tú ar aon duine/aon rún eile!






**(c)** Amannta, bíonn eolas ag an lucht féachana ar an rún idir cúpla carachtar i scannán.

- An gcabhraíonn na rúin le comhbhá a chruthú idir an lucht féachana agus na carachtair a bhfuil an rún acu, meas tú? Nó an gcothaíonn sé mothúchán eile uaireanta? Léirigh.

**4. Radhairc ina scaoiltear rún**

Radharc tábhachtach is ea an radharc ina siúlann an chomharsa fhiosrach abhaile le Cáit ón tórramh.

- Cén ról atá ag an gcomharsa bhéalscaoilte sa phlota?
- Cé na mothúcháin atá ar Cháit nuair a chloiseann sí an scéal tubaisteach uaithi?
- Scríobh dialann Éibhlín nó dialann Cháit don mhéid a tharla ina dhiaidh sin an tráthnóna sin.

**Stór focal cabhrach**

*tubaiste feirme, bádh é, iontas, baintear siar aisti, croíbhriste, in ísle brí, ag caoineadh is ag gol*

**5. Rún i scannán/dráma eile**

- An bhfuil aon scannán/dráma eile feicthe agat ina raibh rún mar chuid lárnach den scéal? Ainmnigh an scannán/dráma. Inis cén rún a bhí ann agus cén tionchar a bhí ag an rún ar na carachtair sa scéal.
- Ceap scéal (scríofa nó ó bhéal) a bhfuil rún mar chuid lárnach de.

**Feasacht Teanga**

**Aidiachtaí a bhaineann le ciúnas agus rúin:**
*ciúin, tostach, rúnda, iontaobhach;*

**Ainmfhocail:** *an rún, na rúin; ciúnas; tost; iontaoibh; cara mo chléibh; páirtí; dlúthchara;*

Tá tuilleadh aidiachtaí a chabhróidh libh na téamaí seo a phlé ar **lch 8: Cáit**

# Gaeltacht na nDéise




**Céad Míle Fáilte Romhat**

Tá Gaeltacht na nDéise lonnaithe in oir-dheisceart grianmhar na tíre, suite cois mara le radharcanna den scoth timpeall gach cúinne. Is iad An Rinn agus an Sean Phobal an dá pharóiste sa Ghaeltacht bheag seo le timpeall 1,500 duine ag maireachtaint anseo. Tá cáil ar an áit don Ghaeilge ach taobh leis sin feictear grá sa cheantar don cheol agus amhránaíocht traidisiúnta a thugann beocht ar leith don dúthaigh.

Faightear seirbhísí éagsúla do chuairteoirí sa Rinn le dhá ché ann, ceann i mBaile na nGall agus in Heilbhic. Tá tránna den scoth againn chomh maith. Tá cuid den chósta seo faoi chosaint speisialta agus deiseanna go leor ag daoine gur suim leo an timpeallacht agus éanbhreathnú ach go háirithe.

**1. Gaeltacht na nDéise**

D'athraigh an stiúrthóir Colm Bairéad suíomh an scéil ó Loch Garman (*Foster*) go Port Láirge (*An Cailín Ciúin*). Meas tú cén fáth?

- Léigí an píosa as suíomh idirlín Chomhlucht Forbartha na nDéise (https://www.deise.ie)
  An bhfuil an cuntas seo ar an gceantar ag teacht leis an íomhá a bhí agaibh den dúiche ón scannán? Mínigh.
- Liostálaigí na rudaí a mheallfadh (nó nach meallfadh) sibh chun saoire a chaitheamh i nGaeltacht na nDéise. Smaoinigí ar:

tírdhreach | aimsir | oidhreacht

siamsaíocht/rudaí le déanamh mar chuairteoir

**2. Gaeilge na nDéise**

(i) Baineann Gaeilge na nDéise le canúint na Mumhan. Cad iad na mórchanúintí eile sa Ghaeilge?

(ii) Seo thíos roinnt nathanna as canúint na nDéise a chloisimid sa scannán nó atá sa sliocht thuas. Cad a déarfá i do chanúint féin nó i gcanúint eile a bhfuil cur amach agat uirthi?

| **Gaeilge na Mumhan** | **A mhacasamhail de nath i do rogha canúna eile?** |
|---|---|
| ***Sa scannán*** | |
| Sa tigh seo | |
| N'fheadar | |
| An airíonn tú mé? | |
| Dé'n chúis? | |
| Dé'n díobháil? | |
| ***San alt ar an suíomh idirlín*** | |
| cois mara | |
| don dúthaigh | |
| daoine gur suim leo | |

**3. Triúr de Phobal na nDéise**

Roghnaigh duine amháin den triúr cáiliúil thíos chun taighde a dhéanamh air/uirthi. Ceap cur i láthair gairid ó bhéal nó scríofa bunaithe ar do chuid taighde:



**Ógie Ó Céileachair,** Úrscéalaí agus gearrscéalaí don aos óg



**Áine Uí Fhoghlú,** File agus údar úrscéalta do dhéagóirí



**Ciarán Ó Gealbháin,** Amhránaí agus ball den ghrúpa ceoil, Danú.

> "Is ónár gcroí amach a tháinig an scannán seo agus is ardú croí a bhí ann dúinn an lucht féachana ar fud an domhain a fheiceáil ag glacadh leis isteach ina gcroí."

Colm Bairéad, stiúrthóir, agus Cleona Ní Chrualaoi, léiritheoir

## Na Scannánóirí

**1. Na daoine a bheartaigh an scannán *An Cailín Ciúin* a dhéanamh**

Féach siar ar thuras an scannáin, **Ó Leabhar go Scannán** ar **lch 3**.

- Cé hé stiúrthóir an scannáin? Cé hé an léiritheoir?
- Cén duine den bheirt acu a léigh an scéal *Foster* ar dtús agus a bhí ag iarraidh scannán as Gaeilge a dhéanamh as?
- Mura bhfuil an ghníomhaíocht ar thuras an scannáin ar **lch 3** déanta agat cheana féin, b'fhiú é a dhéanamh anois chun cabhrú leat sna tascanna thíos.




**2. Colm Bairéad**

**Léigh beathaisnéis ghairid an stiúrthóra* thíos:**

Rugadh is tógadh i mBáile Átha Cliath. Teaghlach dátheangach, Gaeilge agus Béarla. D'fhreastail ar Ghaelscoil. Suim ag an teaghlach sna scannáin 'chlasaiceacha'. Céim ó Scoil Scannán Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath. Cláir fáisnéise staire do TG4 ar nós *Murdair Mhám Trasna*. Sraithchlár fáisnéise do TV3 suite i bPríosún Mhuinseo. Sraithchlár *An Ceoldráma* do TG4 faoi cheithre Ghaelscoil a bhí páirteach sa bhFéile Scoildrámaíochta. Gearrscannán as Gaeilge: *An tÁdh*. A chéad fhadscannán: *An Cailín Ciúin*. Gradaim* IFTA don Stiúrthóir is Fearr agus Gradam Réalta Nua Fís Éireann. Ainmnithe do: Ghradaim BAFTA agus Gradam Oscar don Scannán Idirnáisiúnta is Fearr, 2022.



- **Rólimirt bheirte**

  **Duine A** = Láithreoir teilifíse (TG4) nó agallóir raidió (RnaG) ar chlár do na hEalaíona
  **Duine B** = Colm Bairéad

Le cabhair ón mbeathaisnéis ghairid thuas, ullmhaígí agallamh idir an láithreoir/agallóir agus an stiúrthóir tar éis don scannán *An Cailín Ciúin* a bheith ainmnithe ar ghearrliosta do Ghradam Oscar sa chatagóir, An Scannán Idirnáisúnta is Fearr.

Tá tús curtha leis an agallamh daoibh:

**Agallóir:** *A Choilm, inis dúinn cén uair a thosaigh tú ag cur spéise sna scannáin?*

# “Más féidir liom a bheith ag brionglóideach ar feadh soicind... na hOscars!”

Cleona Ní Chrualaoi, léiritheoir *An Cailín Ciúin*

## 3. Ról an léiritheora

Léigh an cuntas thíos ar an obair a dhéanann léiritheoirí ar nós Cleona Ní Chrualaoi.



Tá an-chuid taithí ag Cleona Ní Chrualaoi mar léiritheoir teilifíse agus mar léiritheoir raidió le Newstalk roimhe sin. Is ról ilghnéitheach é ról an léiritheora. Ní mór do dhaoine a bhfuil spéis acu san obair sin a bheith eagraithe agus praiticiúil agus, ag an am céanna, cruthaitheach. Anuas air sin, tá scileanna cumarsáide den scoth ag teastáil mar bíonn léiritheoirí i dteagmháil le réimse leathan daoine. Bíonn sé de dhualgas orthu a chinntiú go gcríochnaítear an scannán in am, go bhfuil sé ar ardchaighdeán agus go bhfuil sé laistigh den bhuiséad. Post gnóthach, dúshlánach atá ann ach tá sásamh ag baint leis nuair a fheiceann tú do chlár ar an teilifís nó do scannán ar an scáileán mór!


- Ainmnigh na scileanna a luaitear thuas a bhíonn de dhíth i ngairm bheatha an léiritheora.
- Léigh siar ar **Ó Leabhar go Scannán** ar **lch 3** arís. Cad iad na jabanna a bhí le déanamh ag Cleona ag pointí éagsúla ar thuras an scannáin, meas tú? An bhfuil cuid de scileanna an léiritheora agat? Cad iad?
- Léigh ráiteas Cleona ag barr an leathanaigh. Ar shamhlaigh tú riamh go mbeadh scannán Gaeilge ar ghearrliosta do Ghradam Oscar? Cén fáth?
- Is iriseoir thú. Ullmhaigh cuntas ó bhéal don raidió (nó cuntas scríofa d’iris) ar ócáid Ghradam an Acadaimh in Hollywood, mí an Mhárta 2023.

## 4. An scannán mar thionscadal comhoibríoch


Nuair a smaoiníonn tú ar chriú scannáin, cad iad na róil a ritheann leat?
*Tabhair faoi deara:* Tá tasc gairid cabhrach ar **lch 31: GLUAIS**

- Léigh an méid a deir Colm faoi na gradaim atá faighte ag an scannán:


“Dianiarracht ealaíonta chomhoibríoch amach is amach atá i gceist le déanamh scannáin. Tugann na gradaim aitheantas do na míreanna mearaí ar fad ó chultacha go léiriú, dearadh agus obair an cheamradóra, eagarthóireacht, dearadh fuaime agus gnéithe riachtanacha (eile). Níorbh aon mhaith na gnéithe sin ar fad den saothar mura mbeadh taibhiú (na n-aisteoirí) ann le tógáil air. Comhoibriú mór millteach a bhí ann (*An Cailín Ciúin*) agus aithníonn na gradaim ionchur gach duine.”



**Kate McCullough**
Ceamradóir



**Stephen Rennicks**
Cumadóir ceoil



**John Murphy**
Eagarthóir

- Cén pointe is mó ó fhocail Choilm a gcuireann tú suntas ann? Mínigh.
- Féach siar ar na creidiúintí fada ag deireadh *An Cailín Ciúin*. Do smaointe uait anois faoi na féidearthachtaí fostaíochta a bhaineann le tionscadal na scannán in Éirinn faoi láthair?

# Ceol an Scannáin



Is é Stephen Rennicks an té a chum ceol an scannáin *An Cailín Ciúin*. Bhuaigh Stephen gradam IFTA dá shaothar: Gradam don Cheol is Fearr, 2022.

Agus sibh ag plé cúrsaí ceoil i scannáin, bainigí leas as an stór focal áisiúil sa bhosca **Feasacht Teanga**.

## 1. Ról an cheoil i scannáin i gcoitinne

- Cén ról atá ag ceol scannáin, dar libh? Conas a chuireann ceol leis an bplota/ atmaisféar?
- Ainmnigh scannán (eile) atá feicthe agat ar thaitin an ceol a bhí ag gabháil leis go mór leat. Cén sort ceoil a bhí ann?
- Conas a chuaigh an ceol i bhfeidhm ort? Cuir tic leis an bhfreagra cuí i do chás féin nó cum d'fhreagra féin:

  ☐ Chuir an ceol binn aoibhneas agus gliondar croí orm

  ☐ Mhúscail an ceol meidhreach lúcháir ionam

  ☐ Chuir an ceol go mór leis an atmaisféar brónach

  ☐ Chruthaigh an ceol teannas agus chuir sé scanradh orainn ar fad sa lucht féachana

  ☐ Chuir an ceol mall mé ag caoineadh mar bhí sé an-mhothúchánach

  - Roinn do chuid smaointe ar cheol do rogha scannáin le do chomhscoláirí!

## 2. Ceol *An Cailín Ciúin*

**(a)** Éist le píosa as ceol an scannáin **anseo**.
- Déan cur síos ar an gcineál ceoil atá ann, dar leat, agus an chaoi a dtéann sé i bhfeidhm ort.

**(b)** Tá nasc **anseo** chuig píosa ceoil eile ón scannán. Cuirigí an píosa seo i gcomparáid le píosa (a) thuas.
- An bhfuil na huirlisí céanna le cloisteáil sa dá phíosa? Mínigí.
- Cén t-atmaisféar a chruthaíonn na píosaí éagsúla? An mar a chéile iad?
- Cén píosa is fearr leat/libh? Cuirigí cúiseanna le bhur bhfreagraí.

**(c)** An gcuirfidh sibh níos mó spéise i gceol scannáin anois, dar libh, tar éis daoibh roinntín staidéir a dhéanamh ar an gceol sa scannán seo? Mínigí.

© Ceol le caoinchead an chumadóra, Stephen Rennicks

**Feasacht Teanga**

An bhfuil sibh in ann na hainmfhocail seo a thuiscint agus a úsáid?

**Ainmfhocail:** *cumadóir ceoil; ceolfhoireann; fuaimrian; ceol/ scór scannáin; uirlisí ceoil éagsúla; veidhlín; drumaí agus cnaguirlisí eile; dord; pianó;*

# Staidéar Scannán



*Nóta don mhúinteoir:* Sa chuid seo den Treoir Staidéir, déanfar cíoradh ar an gcaoi ina n-insítear scéal an scannáin trí úsáid seatanna, íomhánna, fuaimeanna, suímh srl. Tá míniú ar chuid de na téarmaí scannánaíochta sa mhír seo - téarmaí a bhfuil réiltín (*) ag gabháil leo – ar fáil ar **lch 31: Gluais**.

**1. Do rogha radhairc?**
Abair cad é an radharc* is fearr leat sa scannán. Roghnaigh do theideal féin ar an radharc.

- Aimsigh comhscoláire/comhscoláirí eile sa rang a dtaitníonn an radharc céanna leo.
- Cén chúis is fearr libh an radharc sin thar aon radharc eile? Insígí conas a chuaigh an radharc i bhfeidhm oraibh.
- Cad iad na heilimintí den radharc a oibríonn le chéile chun radharc éifeachtach a chruthú? Smaoinigh ar an suíomh*, na seatanna, an soilsiú*, mise-en-scène*, na dathanna srl.

**2. Radharc a chíoradh**
Féach arís ar an radharc sa chistin ina dtugann Seán an briosca Kimberley do Cháit (nó roghnaigh radharc cumhachtach eile).

- Déan cíoradh ar an radharc le cabhair na nod thíos:

| Gné scannánaíochta | Saghas (/sórt/cineál) | An bhrí nó an teachtaireacht a chuirtear in iúl | An chúis ar roghnaigh an stiúrthóir an ghné seo, dar leat? |
|---|---|---|---|
| **Ceamara** | | | |
| Seat*/seatanna? | | | |
| Uilleann*? | | | |
| Sórt gluaiseachta? | | | |
| (Peanáil*, traiceáil* más ann dóibh) | | | |
| **Mise-en-scène*** | | | |
| Soilsiú* – cad as a bhfuil an solas ag teacht? | | | |
| Cultacha* / dathanna | | | |
| Láthair / seit | | | |
| Aisteoireacht | | | |
| **Fuaimrian*** | | | |
| Cén cineál fuaimeanna* difriúla a chloiseann tú? | | | |
| **Gearradh*** | | | |
| Cé mhéad gearradh atá ann? | | | |
| Cad a thugann tú faoi deara fúthu? | | | |

- Déan cur síos ó bhéal (nó scríobh alt) ar an gcaoi ar chruthaigh an stiúrthóir* agus an criú* radharc cumhachtach/taitneamhach/suimiúil a chuaigh i bhfeidhm ort. Más mian leat, tosaigh le "Is aoibhinn liom an radharc seo mar..."

“Tá suim mhór agam i gceist an dearcaidh i scannán agus is scéal inste sa chéad phearsa é an scannán seo. Bhíomar ag iarraidh déanamh de réir *Foster* agus is scéal é atá scríofa sa chéad phearsa... tá tú i mbróga an chailín seo an t-am ar fad,”

Colm Bairéad, stiúrthóir *An Cailín Ciúin*



**3. An scéal ó dhearcadh an phríomhcharachtair**

Léigh an méid atá ráite ag an stiúrthóir, Colm Bairéad, ag barr an leathanaigh seo.

- ▶ Cad a thuigeann sibh ón méid a deir sé? Pléigí.



Léigí freisin an **Bosca Eolais**. Ansin déanaigí cíoradh ar shampla amháin de radharc ó dhearcadh an phríomhcharachtair: radharc Cháit ó chúl an chairr agus í á tiomáint abhaile ó scoil ag a hathair.

*Tabhair faoi deara:*

- Tá cur síos ar thús an radhairc seo ar **lch 32: Freagraí**.
- Tá blaisín gairid de **anseo**

- ▶ Déan cur síos (a) ar an méid a fheiceann Cáit ón gcúl suíocháin ar an turas abhaile ón scoil lena hathair agus (b) ar an méid a chloiseann sí.
- ▶ An gcloiseann Cáit an comhrá ar fad idir a hathair agus an stráinséir mná? Cén fáth?
- ▶ Cén fáth ar chinn an stiúrthóir ar an radharc seo a thaifeadadh ó chúl an chairr, meas tú?
- ▶ Conas a théann an radharc seo i bhfeidhm ort/oraibh? Pléigí.

**4. Radhairc a fheicimid an athuair: Móitífeanna**

Is éard is móitíf* ann ná íomhá a fheicimíd cúpla uair i scannán agus a bhailíonn chuici brí agus tionchar mothúchánach le gach taispeáint. Luaitear thíos dhá shampla de mhóitífeanna:



- Éibhlín agus Cáit ag siúl chuig an tobar le chéile – féach an grianghraf thuas
- Cáit ag rith síos an ascaill chun litreacha a bhailiú ón mbosca poist – féach an blaisín **anseo**

- ▶ Cad a léiríonn na radhairc athtaispeánta seo faoi Cháit agus faoin gcaidreamh atá aici lena tuismitheoirí altrama?
- ▶ Cén tionchar atá ag Éibhlín agus Seán ar Cháit? Agus aici orthu?

**5. Críoch an scannáin**

Nuair a ritheann Cáit síos an ascaill i ndiaidh charr na gCinnsealach, cuirtear na radhairc thuas, agus móitífeanna eile, os ár gcomhair arís, ceann i ndiaidh a chéile, ina montáis*.

- ▶ Cén fáth a mbaineann an stiúrthóir úsáid as montáis ag críoch an scannáin, dar leat? An éiríonn leis?
- ▶ Conas a bhraith tú nuair a bhí tú ag féachaint ar an montáis? ... ag an gcríoch ar fad?
- ▶ Cad a shíleann tú a tharlóidh do Cháit ina saol amach anseo? Scríobh a scéal feasta faoi mar a shamhlaíonn tú é nó scríobh script do radharc as scannán leantach.




### 6. Dearadh na gCultacha

**(a)** Is as contae Chill Mhantáin í an Dearthóir Cultacha, Louise Stanton. Mac léinn 'aibí' ab ea í nuair a thug sí faoin ngairm bheatha seo. I measc na gcáilíochtaí atá aici tá: Faisean agus Dearadh Cultacha, Táilliúireacht/Haute Couture, Ealaín & Grianghrafadóireacht. Tá dúil mhór aici i ndearadh cultacha, dúil atá forbartha aici le 20 bliain anuas. I measc na scannán ar dhear sí na cultacha iontu, tá: *Rosie, Michael Inside, Song of Granite* agus *Shadows*.

- Cé na scileanna atá ag Louise Stanton mar chuid dá gairm bheatha?
- Cé chomh tábhachtach is atá cultacha mar chuid de scannán, dar leat? Cén ról atá acu? Roghnaigh scannán a thaitníonn leat agus déan cur síos ar na cultacha ann.


**(b)** Mar chuid den ullmhúchán chun na cultacha don scannán *An Cailín Ciúin* a dhearadh bhí ar Louise Stanton taighde a dhéanamh ar chúlra an scéil.

- Cad iad na rudaí a raibh uirthi cuimhneamh orthu, meas tú?
- Pléigh na gnéithe seo den scéal leis an duine in aice leat: aois an charachtair; tréimhse an scéil; suíomh an scéil; ról an charachtair; caidrimh idir carachtair.

**(c)** Tá roinnt samplaí as leabhar nótaí Louise le feiceáil anseo a léiríonn an tslí ar smaoinigh sí faoi thús na n-ochtóidí in Éirinn.

- Cad iad na líníochtaí is fearr leat? Cad é an ghné a mheallann tú fúthu?
- An aithníonn tú aon chulaith as na líníochtaí a thug tú faoi deara sa scannán é féin? An dtaitníonn an chulaith sin leat (nó a mhalairt)? Mínigh cén fáth.
- Tarraing pictiúr de chulaith/de chultacha aon charachtair eile sa scannán **nó** cruthaigh sraith líníochtaí do charachtar as gearrscéal/úrscéal ba mhaith leat a fheiceáil mar scannán.
- Dá mba rud é go raibh an scéal seo suite sa lá atá inniu ann, cé na cultacha a chaithfeadh Cáit, dar leat?

↑↓ Líníochtaí as clár tobsmaointe de chuid an dearthóra cultacha, Louise Stanton, (→) a d'oibrigh ar *An Cailín Ciúin*.





# Féidearthachtaí Traschuraclaim



**Béarla**

- **Taighde:** Cuardaigh eolas ar shaothar an údair, Claire Keegan, ar shuíomhanna idirlín iontaobhacha.
- Sliocht as *Foster* a léamh ar **lch 30** chun comparáid a dhéanamh le radhairc as an scannán.
- An nóibhille *Foster* ar a bhfuil *An Cailín Ciúin* bunaithe, a léamh agus a chur i gcomparáid leis an scannán.
- As Béarla, scríobh léirmheas ar an nóibhille *Foster*; as Gaeilge, scríobh léirmheas ar an scannán *An Cailín Ciúin*. An bhfuil siad an-difriúil mar léirmheasanna? Cad iad na príomhdhifríochtaí eatarthu?

**Ceol**

- Staidéar a dhéanamh ar ghiotaí as ceol an scannáin – féach **lch 23**
- Ceol an scannáin a chur i gcomparáid le ceol scannáin eile a thaitníonn leat.
- Píosa ceoil ó scannán ar bith a roghnú le foghlaim agus le seimn do do chomhscoláirí.

**Tíreolas**

- **Taighde:** Comparáid a dhéanamh idir ceantar na nDéise – féach **lch 20** – agus ceantar bhur scoile féin: gnéithe fisiciúla, cúrsaí turasóireachta, cúrsaí talmhaíochta, cúrsaí tionslaíochta.

**Stair**

- **Taighde** ar Éirinn sna hochtóidí luatha: Cad a bhí ar siúl ó thaobh cúrsaí polaitíochta agus cúrsaí sóisialta?
- **Taighde:** Cúrsaí altramais in Éirinn fadó – féach **lch 17**

**Eolaíocht Talmhaíochta**

- Cén léargas a fhaighimid ón scannán ar chúrsaí talmhaíochta in Éirinn sna hochtóidí?
- Cad iad na hathruithe atá ar thalmhaíocht in Éirinn sa lá atá inniu ann?
- Timpistí feirme ar **lch 14**

**Eacnamaíocht Bhaile**

- Déan cur síos ar an mbia a ullmhaíonn agus a itheann na carachtair sa scannán *An Cailín Ciúin*?
- **Taighde** a dhéanamh ar chúrsaí bia in Éirinn ag tús na n80í. Comparáid agus codarsnacht le cúrsaí bia in Éirinn sa lá atá inniu ann.
- **Díospóireacht:** "Ainneoin go raibh an bia simplí sna hochtóidí, bia folláin a bhí ann i gcomparáid le haiste bia an ghnáthdhuine in Éirinn sa lá atá inniu ann."

**Staidéar Scannán**

- Le cabhair an cheamara ar do ghuthán póca, déan radharc amháin as an scannán a thaifeadadh.
- Foghlaim faoi fhorbairt scannáin ón mbunsmaoineamh go dtí tábhacht na bhféilte scannáin, **lch 3**
- Pléigh cúinsí reatha thionscal na scannán in Éirinn, scannáin Ghaeilge san áireamh, **lch 4**
- Cuir le do chuid tuisceana ar ról/buanna an stiúrthóra agus ról/buanna an léiritheora ar **lgh 21-22**

**Feasacht Teanga**

- Úsáidtear *'cúrsaí'* nuair a chuirtear síos ar réimse éigin den saol/den chultúr: *cúrsaí bia; cúrsaí polaitíochta; cúrsaí sóisialta; cúrsaí turasóireachta; cúrsaí talmhaíochta srl*
- Ar thug tú *'cúrsaí'* faoi deara in aon nath eile?

# Dánta faoi dhaoine óga

Tá cuid de théamaí *An Cailín Ciúin* le haithint i dtéacsanna i seánraí eile, ar ndóigh.

- An féidir leat dán nó scéal a lua a phléann cuid de na téamaí a thugann tú faoi deara sa scannán? Cé na téamaí comónta atá acu?
- Tá páistí óga i gceist sa dá dhán thíos agus teamaí ar nós grá, cúram, buairt (agus greann!) á bplé. Roghnaigh ceann acu chun staidéar a dhéanamh air agus téigh go dtí na gníomhaíochtaí atá i gceist don dán sin.



Áine Ní Ghlinn



Nuala Ní Dhomhnaill

© Grianghraf le caoinchead Paul Sherwood/Gallery Press

**I lár na hoíche**
le hÁine Ní Ghlinn

Dúisím i lár na hoíche,
Mo chroí istigh ag preabadh,
Cén glór é sin thíos fúm?
É i bhfolach faoi mo leaba?

Glór uaigneach is brónach,
mar a bheadh ainmhí ag caoineadh,
Glór a deir “Cabhair! Cabhair!”
“Thuas ansin tá daoine!”

*Foilsithe le caoinchead an fhile agus An Gúm, Foras na Gaeilge*

**Feasacht Chultúrtha**

**CV:** Áine Ní Ghlinn
**Áit bhreithe:** Tiobraid Árann
**Obair:** File, úrscéalaí, drámadóir
**Duaiseanna:** Gradam Réics Carlo buaite trí huaire
**Post 2020-2023:** Laureate na nÓg
**Togra speisialta:** ‘An Bosca Leabharlainne’

Tuilleadh eolais faoi Áine agus Laureate na nÓg:
**https://childrenslaureate.ie**

**Dán do Mhelissa**
le Nuala Ní Dhomhnaill

Mo Pháistín Fionn ag rince i gcroí na duimhche,
ribín i do cheann is fáinní óir ar do mhéaranta
duitse nach bhfuil fós ach a cúig nó a sé de bhlianta
tíolacaim gach a bhfuil sa domhan mín mín.

An gearrcach éin ag léimt as tóin na neide,
an feileastram ag péacadh ins an díog,
an portán glas ag siúl fiarsceabhach go néata,
is leatsa iad le tabhairt faoi ndeara, a iníon.

Bheadh an damh ag súgradh leis an madra allta,
an naíonán ag gleáchas leis an nathair nimhe,
luífeadh an leon síos leis an uan caorach
sa domhan úrnua a bhronnfain ort mín mín.

Bheadh geataí an ghairdín ar leathadh go moch is go déanach,
ní bheadh claimhte lasrach á bhfearadh ag Ceiribín.
Níor ghá dhuit duilliúr fige mar naprún íochtair
sa domhan úrnua a bhronnfainn ort mín mín.

A iníon bhán, seo dearbhú ó do mháithrín
go mbeirim ar láimh duit an ghealach is an ghrian
is go seasfainn lem chorp fhéin idir dhá bhró an mhuilinn
is muilte Dé chun ná meilfí tú mín mín.

*‘Dán do Mhelissa’, as Northern Lights (2018), foilsithe le caoinchead an fhile, Nuala Ní Dhomhnaill agus The Gallery Press. www.gallerypress.com*

# Dánta: Ábhar machnaimh



**I lár na hoíche: Buairt is Greann!**

**1.** Uaireanta sa saol bíonn faitíos (eagla) agus greann fite fuaite lena chéile. Is bealach amháin é greann chun eagla a shárú.



- Is dán do pháistí é seo. Samhlaítear duine óg ag iarraidh dul a chodladh. Tá eagla air agus é ina luí ina leaba sa dorchadas. Ach tá faitíos ar chréatúr éigin eile chomh maith!

  Cén líne sa dán a léiríonn go bhfuil faitíos/buairt ar an bpáiste?

  ---

  Cad a chuireann faitíos/buairt ar an bpáiste?

  ---

  Samhlaíonn an páiste créatúr éigin faoin leaba – ach tá faitíos ar an gcréatúr anaithnid seo chomh maith! Cad/cé roimhe? Ar chuir sé sin iontas ort?

  ---

  An dtaitníonn an greann sa dán leat? Mínigh.

  ---

**2. Cáit i bhfolach faoina leaba**

- Sa scannán *An Cailín Ciúin*, cén fáth, dar leat, a dtéann Cáit i bhfolach faoin leaba óna máthair, ainneoin go bhfuil a fhios ag a máthair go bhfuil sí istigh faoin leaba?



- An mbíodh faitíos ort roimh an dorchadas istoíche (nó roimh rud ar bith eile?) agus tú i do pháiste? Cén fáth a mbíodh/nach mbíodh faitíos ort roimh pé rud a bhí i gceist?
- Le cabhair cuid den stór focal a d'fhoghlaim tú ó dhán Áine, scríobh do dhán féin chun eachtra éigin (fíor nó samhaíoch) a chuir scanradh ort agus tú i do pháiste a chur in iúl.

**Dán do Mhelissa: Grá na máthar dá páiste**

**1.** Ar nós an scannáin *An Cailín Ciúin* is téacs é 'Dán do Mhelissa' faoi chailín óg. Léiríonn an dán grá na máthar dá hiníon bheag.

As véarsa 1, roghnaigh frásaí a chuireann in iúl gur páiste óg agus soineanta í iníon an fhile:

---

As véarsa 2, luaigh rudaí deasa sa dúlra a deir a máthair le Melissa gur léi iad:

---

I véarsa 3, ba mhaith leis an bhfile an domhan a léiriú mar áit shíochánta. Roghnaigh líne amháin a chuireann an aisling seo in iúl:

---

I véarsa 4, tá a máthair ag iarraidh a chur ina luí ar Mhelissa nach gá di náire ná faitíos a bheith uirthi. Conas a chuireann sí an teachtaireacht sin in iúl di?

---

I véarsa 5, tugann an file bronntanais neamhghnácha dá hiníon; is siombailí iad, cual beannachtaí a chuireann an mháthair ar an gcailín óg. Cad a thuigeann tú leis na siombailí sin?

---

Maíonn an file go seasfadh sí 'idir dhá bhró an mhuilinn' dá hiníon. Cad atá i gceist aici, dar leat?

---


**2. Cáit agus Melissa**

(a) Déan comparáid idir caidreamh Ní Dhomhnaill lena hiníon Melissa agus caidreamh Cháit lena máthair féin.

(b) Scríobh scéal nó dán de do chuid féin ag léiriú gaol láidir idir duine óg agus duine iontaobhach ina s(h)aol. Is féidir leis an scéal a bheith fíor nó samhlaíoch, faoi mar is toil duit féin.

# An bunscéal: *Foster*

Tá *An Cailín Ciúin* bunaithe ar an nóibhille *Foster* leis an údar Éireannach, Claire Keegan. Fuair INSCÉAL, comhlacht léiriúcháin Choilm Bhairéad agus Cleona Ní Chrualaoi, cead ó Keegan an scéal a iompú ina scannán.



© Faber and Faber

**1. *Foster*: Scéal ionspioráideach**

Tá sé ráite ag Colm Bairéad gur chaoin sé uisce a chinn tar éis dó an nóibhille* *Foster* a léamh. Theastaigh uaidh scannán a dhéanamh as ach shamhlaigh sé go raibh na cearta scannánaíochta ceannaithe ag stiúrthóir éigin eile cheana! Faoi mar a tharla, áfach, ní raibh…

**(a)** Léigh an sliocht as *Foster* ar an leathanach seo.

- An dtéann an scéal scríofa i bhfeidhm ort féin? Conas? Mínigh.
- An dtugann tú aon difríochtaí faoi deara idir an méid atá sa sliocht as an mbunscéal agus an méid atá sa scannán? Smaoinigh ar thúsphointe an scéil agus túsphointe an scannáin, mar shampla, agus ar aon rud eile a ritheann leat.

| **An bunscéal *Foster*** | ***An Cailín Ciúin*** |
|---|---|
| | |
| | |
| | |

- I gcás athrú amháin a rinne an stiúrthóir ar an mbunscéal scríofa, cén fáth ar shocraigh sé an leasú sin a dhéanamh dá scannán?
- Cén leagan den scéal (an chuid bheag seo) is fearr leat, an bunscéal nó an scannán? Cén fáth?

I

Early on a Sunday, after first Mass in Clonegal, my father, instead of taking me home, drives deep into Wexford towards the coast where my mother's people came from. It is a hot day, bright, with patches of shade and greenish, sudden light along the road. We pass through the village of Shillelagh where my father lost our red Shorthorn in a game of forty-five, and on past the mart in Carnew where the man who won the heifer sold her shortly afterwards. My father throws his hat on the passenger seat, winds down the window, and smokes. I shake the plaits out of my hair and lie flat on the back seat, looking up through the rear window. In places there's a bare, blue sky. In places the blue is chalked over with clouds, but mostly it is a heady mixture of sky and trees scratched over by ESB wires across which, every now and then, small, brownish flocks of vanishing birds race.

3

Le caoinchead Curtis Brown Ltd, Londain, ar son Claire Keegan. Cóipcheart © Claire Keegan, 2010

**2. Scéalta eile a ndearnadh scannáin díobh**

Tarlaíonn sé go minic go ndéanann stiúrthóir scannán as úrscéal, dráma nó gearrscéal atá léite/feicthe aige/aici. Bíonn cóiriú* le déanamh ar an mbuntéacs, áfach, chun é a chur in oiriúint do sheánra difriúil. Ábhar machnaimh do stiúrthóir/léiritheoir na rudaí seo a leanas, mar shampla:

- eachtraí an bhunscéil a leasú beagáinín
- cuid den scéal a ghearradh amach, b'fhéidir
- bunsuíomh an scéil a shamhlú go físiúil
- comhrá a chumadh san áit ina raibh cur síos sa téacs scríofa srl.

- An bhfuil aon úrscéal nó gearrscéal eile léite agat a ndearnadh scannán de? Cén leagan ba mhó a thaitin leat – an bunscéal scríofa nó an scannán? Mínigh.
- An bhfuil aon ghearrscéal/úrscéal atá léite agat ar mhaith leat scannán a dhéanamh as? Cén fáth a roghnófá an scéal sin? Inis do do chomhscoláirí faoi conas a dhéanfá an scannán. Cé na haisteoirí a bheadh agat? Cén stíl stiúrtha?

Féach **Lch 20 Gaeltacht na nDéise**

***nóibhille*
Scéal atá níos faide ná gearrscéal ach nach bhfuil chomh fada le gnáthúrscéal.

# Gluais



**1.Scannánóirí agus róil an chriú scannáin**

Tógann sé foireann chun scannán a dhéanamh. Meaitseáil an duine as liosta A thíos lena ról i liosta B.

A:
1. Léiritheoir 2. Stiúrthóir 3. Aisteoir
4. Eagarthóir 5. Ceamaradóir 6. Cumadóir
7. Scannánóir

B:
a. Stiúrann sé/sí/siad an scannán, go háirithe na seatanna.
b. Glacann sé/sí/siad páirt charachtair éigin sa scannán.
c. Déanann sé/sí/siad scannáin mar ghairm bheatha.
d. Cumann sé/sí/siad an ceol do scannán.
e. Gearrann sé/sí/siad na seatanna le chéile agus cuireann maisíochtaí fuaime leo.
f. Glacann sé/sí/siad na seatanna leis an gceamara.
g. Cinntíonn sé/sí/siad go ndéantar an scannán in am, go bhfuil sé ar chaighdeán cuí, agus go bhfuil sé laistigh den bhuiséad.

**2. Téarmaí scannánaíochta agus ábhar gaolmhar**

| | |
|---|---|
| ***blaisín*** | Cnuasach beag seatanna a eisítear mar ábhar poiblíochta do scannán |
| ***ceol teidil*** | An ceol a sheinntear taobh thiar de na grafaicí teidil |
| ***cóiriú*** | Scéal scríofa a athrú chun é a chur in oiriúint don scáileán mór mar scannán |
| ***comhlacht léiriúcháin*** | Gnólacht a dhéanann cláir teilifíse/scannáin |
| ***comhrá*** | Caint na gcarachtar |
| ***cultacha*** | Éadaí na gcarachtar; chun pearsantacht/aois/suíomh a chur in iúl |
| ***dáileoir*** | Comhlacht a bhfuil sé mar ghnó acu scannáin a dhíol do chainéil teilifíse agus do phictiúrlanna |
| ***eagarthóireacht*** | Seatanna scannáin a ghearradh agus a chur le chéile go healaíonta is go héifeachtach |
| ***fotheidil*** | Téacs a léiríonn caint na gcarachtar ag bun an scáileáin, uaireanta sa bhunteanga agus uaireanta eile mar aistriúchán |
| ***fuaimeanna ar an láthair*** | Torann atá mar chuid d'aicsean an radhairc, m.sh. madra ag tafann |
| ***fuaimrian*** | Ceol an scannáin, ceol teidil agus ceol sa chúlra san áireamh |
| ***gearradh*** | An chaoi ina ndéanann eagarthóir radharc a chur le chéile ag dul ó sheat de dhuine/rud amháin go seat de dhuine/rud eile ag léiriú cumarsáide eatarthu |
| ***gradam*** | Duais a bhaineann scannán/ball den chriú amach dá shaothar |
| ***maisíochtaí fuaime*** | Fuaimeanna a bhrúitear anuas ar radharc ar mhaithe le drámatúlacht |
| ***mise-en-scène*** | Cruthú an tsuímh trí stáitsiú, úsáid frapanna, dearadh an tsuímh, spásáil na n-aisteoirí, dearadh cultacha, dathanna agus soilsiú. |
| ***móitíf*** | íomhá a fheicimid athuair i scannán |
| ***montáis*** | Cnuasach seatanna atá feicthe cheana i rith an scannáin a chuireann cuimhní cinn carachtair in iúl nó a mheabhraíonn don lucht féachana cuid de phríomhimeachtaí an scannáin |
| ***nóibhille*** | Scéal atá níos faide ná gearrscéal ach nach bhfuil chomh fada le gnáthúrscéal |
| ***peanáil*** | Gluaiseann cloigeann an cheamara (faoi dheis/faoi chlé) chun duine/ábhar eile ar an láthair a nochtadh |
| ***radharc*** | Seat nó sraith seatanna de ghníomh aonair a tharlaíonn ar láthair aonair |
| ***seánra*** | An cineál scéil atá i gceist, mar shampla, ficsean, rómáns, dráma staire, dráma grinn, tragóid, teacht-in-aois srl |
| ***seat fada/leathan*** | Seat ina bhfeictear an duine iomlán/an t-ábhar iomlán |
| ***seat teann/garseat*** | Nuair atá an ceamara an-ghar don duine/don ábhar chun mothúchán nó mionsonra a chur in iúl |
| ***siombail*** | Nuair a úsáidtear rud chun coincheap a chur in iúl m.sh. rós dearg ag seasamh don fhíorghrá |
| ***soilsiú*** | An próiseas agus an teicneolaíocht chun duine/ábhar a mhaisiú le soilse |
| ***sraitheog*** | Sraith radharc atá mar mhír den scéal sa scannán |
| ***suíomh*** | An tír/áit agus an ré ina bhfuil an scannán (nó radharc as scannán) suite. |
| ***tascanna réamhfhéachana*** | gníomhaíochtaí foghlama roimh bhreathnú ar scannán |
| ***traiceáil*** | Bogann an ceamara isteach níos gaire nó amach níos faide ón duine/ábhar atá sa fhráma |
| ***uillinn an cheamara*** | 1. Seat ard: Seat ó cheamara ard ag breathnú síos ar dhuine/ábhar<br>2. Seat íseal: Seat ó cheamara íseal ag breathnú suas ar dhuine/ábhar |

# Freagraí



**Lch 3:**
**Ó Leabhar go Scannán**
**1.** Léann an scannánóir, Colm Bairéad, an nóibhille *Foster* agus taitníonn sé go mór leis.
**2.** Samhlaíonn Colm an scéal mar scannán agus cuireann sé an smaoineamh faoi bhráid Cleona Ní Chrualaoich (a bhean chéile).
**3.** Faigheann INSCÉAL (a gcomhlacht léiriúcháin) cead ón údar an scéal a úsáid chun scannán a dhéanamh.
**4.** Cuireann INSCÉAL an bunsmaoineamh faoi bhráid TG4.
**5.** Roghnaítear *An Cailín Ciúin* do mhaoiniú faoi scéim CINE 4.
**6.** De réir a chéile, cuirtear criú agus foireann aisteoirí le chéile.
**7.** Léirítear an scannán le linn dianghlasála, i bhFómhar 2020.
**8.** Déantar eagarthóireacht ar an scannán.
**9.** Seoltar an scannán ag Féile Scannán idirnáisiúnta Bheirlín, Feabhra 2022.
**10.** Faigheann BREAKOUT PICTURES agus CURZON na cearta don scannán in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Déanann siad é a phoibliú agus é a eisiúint sna pictiúrlanna sa dá chríoch i mí Bhealtaine 2022.
**11.** Tuilleann *An Cailín Ciúin* os cionn €1m in Oifig na dTicéad in Éirinn & sa Bhreatain Mhór.
**12.** Baineann an scannán gradaim ag féilte scannáin ar fud an domhain.
**13.** Ainmnítear é ar ghearrliosta do Ghradam Oscar 2023 agus ar thrí liosta fada de chuid BAFTA.

**Lch 6:**
**Achoimre ar scéal *An Cailín Ciúin*.**
**(a)** an tsamhraidh; fheirm; ar iarraidh; abhaile; arís; col ceathrair.
**(b)** fáilte; hathair; comharsa; dtimpiste; muintir; slán

**Lch 7:**
**Tuairim an Léirmheastóra.**
**1.** dhea-riartha
**2.** briste brúite
**3.** faiteach
**4.** feasach
**5.** fliuch báite
**6.** sómhar
**7.** dhuairc ainnis
**8.** gann
**9.** mífheidhmiúil
**10.** díchumhachtaithe

**Lch 10:**
**Seán Ó Cinnsealaigh: Athair Altrama**
**2. 'Aistear mín mall' Sheáin: a ról sa phlota**
- Nuair a bhuailimid le Seán Ó Cinnsealaigh ar dtús feictear dúinn nach duine róchairdiúil é.
- Istoíche, féachann sé ar an teilifís sa seomra suite leis féin.
- Ní thugann sé aon aird ar Cháit.
- De réir a chéile, áfach, tagann athrú air.
- Ligeann sé do Cháit cabhrú leis chun cró na mbó a ghlanadh amach.
- Spreagann sé í chun a bua reathaíochta a fhorbairt.
- Ceannaíonn sé éadaí nua di.
- Bíonn sé féin agus Cáit ag caint is ag comhrá go sona sásta lena chéile.
- Tiomáineann sé Cáit abhaile nuair a bhíonn laethanta saoire an tsamhraidh thart.
- Briseann sé a chroí gur gá dó slán a fhágáil léi.

**Lch 14:**
**Saol Feirme agus Pobal na hÁite**
**1.** beithígh a choimeád
**2.** torthaí is glasraí a fhás.
**3.** sicíní a bheathú
**4.** ag crú na mbó

**Lch 15:**
**Comharsana na gCinnsealach**
Fíor; Níl a fhios agam; Bréagach; Fíor; Fíor

**Lgh 25:**
**Ag díriú ar radharc ar leith**

**3. An scéal ó dhearcadh an phríomhcharachtair**
Radharc Cháit ó chúl carr a hathar: Tús an radhairc
Nuair a d'éalaigh Cáit ó scoil lá bhailigh a hathair í sa charr. Ar an mbealach abhaile dóibh stop sé chun síob a thabhairt do bhean a bhí ag siúl ar thaobh an bhóthair. Is léir dúinn go bhfuil caidreamh rúnda ar siúl idir Dan agus an bhean chéanna agus go bhfuil scéalta cloiste ag an mbean úd faoi Cháit agus a deirfiúracha cheana.

**Lch. 31:**
**GLUAIS**
**2. An Criú Scannáin:**
1/g; 2/a; 3/b; 4/e; 5/f; 6/d; 7/c

# Buíochas

**Buíochas ar leith le:** Colm Bairéad agus Cleona Ní Chrualaoi, Stephen Rennicks, Carrie Crowley, Andrew Bennett, Deirbhile Ní Churraighín, Gruen Graf, Finn Richards, Jacqueline Ní Fhearghusa, Pádraig Ó Beaglaoich, Pól Ó Cainín, Tuairisc.ie, Pat Butler, Áine Ní Ghlinn, Foras na Gaeilge, An Gúm, Nuala Ní Dhomhnaill, The Gallery Press, Comhlucht Forbartha na nDéise, an tÚdarás um Shláinte agus Sábhailteachta, Ógie Ó Céileachair, Áine Uí Fhoghlú, Ciarán Ó Gealbháin, Cara O'Doherty ag Movies.ie, Claire Keegan, Rosie Pierce ag Curtis Brown, Faber and Faber, Louise Stanton, Breakout Pictures, Susannah Norris.

**Cumtha agus scríofa ag:**
Bernardine Nic Giolla Phádraig
**Curtha in eagar ag:**
Alicia McGivern le hionchur
Amy Louise O'Callaghan agus Holly Furlong, ISÉ.
**Dearadh:**
Verso creative studio
**Grianghraif:**
Grianghraif a ghabhann leis *An Cailín Ciúin* le caoinchead Breakout Pictures.

Irish Film Institute

© Instititiúid Scannán na hÉireann 2023.

Institiúid Scannán na hÉireann,
6 Sráid an Iústásaigh,
Baile Átha Cliath 2.

**T** 01 679 5744
**E** schools@irishfilm.ie
**W** www.irishfilm.ie/learn

**Ár mbuíochas leis na heagrais seo a leanas as a gcuid tacaíochta:**

arts council / an chomhairle ealaíon — cistiú ealaíon na scannán

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Break Out Pictures